AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.6.2024
COM(2024) 259 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH

maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chláir Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghóchumadh in 2023

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH

maidir le cur chun feidhme agus torthaí an chláir Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghóchumadh in 2023

1. Ginearálta

Is clár malartaithe, cúnaimh agus oiliúna é an clár 'Pericles IV' ('an Clár' anseo feasta) chun an euro a chosaint ar ghóchumadh. Tagann sé in ionad an chláir Pericles 2020 a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse 2013-2020, agus an chláir Pericles a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse 2002-2013. Bunaíodh an Clár le **Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021**[1]**. Leathnaíodh a chur i bhfeidhm go dtí na Ballstáit neamhpháirteacha le Rialachán (AE) 2021/1696 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021**[2]. Le Rialachán (AE) Uimh. 2021/840 socraítear tréimhse an Chláir go dtí an 31 Nollaig 2027. Le h**Airteagal 12(3) den Rialachán**, ceanglaítear ar an gCoimisiún faisnéis bhliantúil faoi thorthaí an Chláir a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Freagraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo don cheanglas sin maidir leis an mbliain 2023. Cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil maidir le gealltanais agus cur chun feidhme an chláir 'Pericles IV' in 2023, chomh maith le cur chun feidhme in 2023 maidir le gníomhaíochtaí a gealladh faoi bhlianta roimhe sin agus faoin nglúin a tháinig roimhe den chlár.

2. Gealltanais faoi Chlár Oibre Bliantúil 2023

Socraíodh gurbh é EUR 667 060 an buiséad bliantúil do chur chun feidhme an Chláir don bhliain 2023 agus maoiníodh é ó líne bhuiséid 06.030100[3] de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2023. Gealladh EUR 666 252,15 san iomlán in 2023, is é sin 99,88 % den bhuiséad iomlán. Cuirtear an Clár chun feidhme trí ghníomhaíochtaí cómhaoinithe (deontais) a thagann ó údaráis inniúla na mBallstát agus trí 'ghníomhaíochtaí an Choimisiúin', a eagraíonn an Coimisiún go díreach. Áirítear le méid an ghealltanais iomláin freisin gealltanas de EUR 26 328 chun na costais bhliantúla maidir le húsáid na huirlise eGrants a chumhdach go páirteach, córas bainistíochta leictreonaí (gan pháipéar) iomlán le haghaidh deontas.[4] Anuas ar an líne bhuiséid oibríochtúil, cuireadh EUR 200 000 ar fáil ar líne bhuiséid 06.010200[5] de chuid bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Den mhéid sin, gealladh EUR 175 115,50 chun tacú le bearta ar nós mheastóireacht mheán-téarma an chláir agus an

[1] Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (an clár 'Pericles IV'), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 331/2014.

[2] Rialachán (AE) 2021/1696 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021 lena leathnaítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 ("clár Pericles IV") go dtí na Ballstáit neamh-rannpháirteacha.

[3] Líne bhuiséid 06.030100: An euro a chosaint ar ghóchumadh.

[4] Ba é EUR 44 941 an méid iomlán le haghaidh úsáid na huirlise eGrants.


[5] Líne bhuiséid 06.010200: Tacú le caiteachas chun an euro a chosaint ar ghóchumadh.


chuid a bhí fágtha de tháille bliantúil eGrants[6]. Go sonrach, gealladh EUR 156 502,50 le haghaidh meastóireacht mheán-téarma an chláir Pericles IV. Léirítear in Airteagal 13 de Rialachán Pericles IV go ndéanfar meastóireacht mheán-téarma an chláir Pericles IV tráth nach déanaí ná 4 bliana i ndiaidh tús a chur leis, agus cuireadh tús leis in 2021. Sa mheastóireacht mheán-téarma (lena gcumhdaítear 2021-2023), déanfar measúnú, i measc nithe eile, ar a bhfuil bainte amach ag cuspóirí an Chláir de réir chritéir na héifeachtachta, na hábharthachta, an chomhleanúnachais agus an bhreisluacha AE.

Léiríonn cur chun feidhme an Chláir tiomantas na mBallstát agus an Choimisiúin don euro a chosaint ar ghóchumadh. Mar thoradh ar phlé ar an straitéis bhliantúil ag cruinnithe de chuid an Ghrúpa Saineolaithe um Ghóchumadh an Euro (ECEG), bhíothas in ann aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí agus 99,88 % den bhuiséad iomlán a ghealladh in 2023. Gealladh tríd an gClár go maoineofaí deich dtionscadal san iomlán[7]: Dámhadh naoi ndeontas bunaithe ar iarratais a tháinig ó údaráis inniúla na mBallstát, agus cistíodh gníomhaíocht amháin ón gCoimisiún.

Cuireadh gníomhaíocht an Choimisiúin chun feidhme in 2023 agus cuireadh deontas amháin chun feidhme go páirteach in 2023, agus cuirfear na deontais eile chun feidhme go hiomlán in 2024 agus ina dhiaidh sin.

Cairt I agus Cairt II: An cineál gníomhaíochta a maoiníodh agus an Líon gníomhaíochtaí in aghaidh an Bhallstáit (gníomhaíochtaí a gealladh in 2023, féach iarscríbhinn I)





Is fiú a lua go bhfuair an Iodáil agus an Spáinn, dhá cheann de na Ballstáit is mó a raibh tionchar ag góchumadh an euro orthu, deontais Pericles arís eile i mbliana.

Is éard atá sna gníomhaíochtaí ar tugadh gealltanais ina leith in 2023 ná cúig mhalartú foirne, trí oiliúint theicniúla agus dhá sheimineár. Tá na gníomhaíochtaí le déanamh laistigh agus

[6] Aistríodh an EUR 24 884.50 a bhí fágtha go dtí AS BUDG.
[7] Tá forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Pericles a gealladh in 2023 le fáil in Iarscríbhinn I.

lasmuigh den Aontas Eorpach, ag brath ar na riachtanais shonracha atá ann maidir leis an euro a chosaint ar ghóchumadh. Ó bunaíodh an Clár, tá a chur chuige réigiúnach comhdhlúite aige trí ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme a bhaineann le réigiúin an domhain a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sa chomhrac in aghaidh an ghóchumtha.

3. Cur chun feidhme gníomhaíochtaí in 2023[8]

Forbhreathnú

Déantar anailís sa chuid seo ar chur chun feidhme gach gnímh arna chistiú faoi Pericles sa bhliain féilire 2023. Dá bhrí sin, áirítear leis sin na gníomhaíochtaí a gealladh a chur chun feidhme faoi bhuiséid 'Pericles IV' 2021, 2022 agus 2023 (sé dheontas agus dhá ghníomhaíocht de chuid an Choimisiúin), chomh maith le gníomhaíochtaí a gealladh faoi bhuiséid 'Pericles 2020' roimhe sin (trí dheontas). Cuireann sé sin i dtábhacht leanúnachas an chláir i dtéarmaí a bhunsmaoinimh agus léiríonn sé éifeachtúlacht an chláir Pericles chun an euro a chosaint ar ghóchumadh trí ghníomhaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn bliantúil.


In 2023 cuireadh 13 ghníomhaíocht a fuair cistiú ó Pericles chun feidhme, lena n-áirítear:

- cur chun feidhme páirteach aon ghníomhaíochta deontais amháin ag an Iodáil a gealladh in 2023;
- cur chun feidhme sé ghníomhaíocht deontais ag na Ballstáit a gealladh in 2021-2022, is iad an Spáinn (trí ghníomhaíocht), an Chróit (dhá ghníomhaíocht) agus an Iodáil (gníomhaíocht amháin) faoi seach a chuir na gníomhaíochtaí sin chun feidhme;
- cur chun feidhme trí ghníomhaíochta deontais ag na Ballstáit a gealladh in 2019-2020: tá roinnt céimeanna i gceist leis na gníomhaíochtaí sin (i.e. malartuithe foirne agus seimineáir) thar bhreis agus bliain féilire amháin agus chuir an Iodáil, an Rómáin agus an Fhrainc faoi seach chun feidhme go páirteach iad;
- cur chun feidhme trí ghníomhaíochta de chuid an Choimisiúin arna soláthar (gníomhaíocht amháin a gealladh in 2023).

Tá seacht malartú foirne, dhá chomhdháil, agus ceithre oiliúint theicniúla i gceist leis na gníomhaíochtaí thuas (féach freisin roinn 2 thuas). Bhí líon measta 526 saineolaí rannpháirteach sna gníomhaíochtaí thuasluaite.

[8] Tá forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Pericles a cuireadh chun feidhme in 2023 le fáil in Iarscríbhinn II.

Cairt III agus Cairt IV: Tionscnamh rannpháirtithe agus Cúlra gairmiúil rannpháirtithe (gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme in 2023, féach Iarscríbhinn II)[9]



Ó thaobh tionscnaimh de, is ó 54 thír a tháinig rannpháirtithe. Is rannpháirtithe Eorpacha iad formhór na n-oiliúnaithe (80 %): Tháinig 46 % de na rannpháirtithe ó na Ballstáit sa limistéar euro, 14 % a bhí i gceist leis na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro agus 20 % a bhí i gceist le tíortha san Eoraip nach Ballstáit den Aontas iad, ba as Meiriceá Laidineach 11 % de na hoiliúnaithe. Ar deireadh, rinne 4 % de rannpháirtithe ionadaíocht d'Institiúidí Eorpacha, tháinig 1 % ón Afraic agus ón Meánoirthear agus 5 % ó réigiúin eile.

Maidir le cúlra gairmiúil na rannpháirtithe, ba chomhaltaí ó fhórsaí póilíneachta iad 50 % den iomlán. Tá an láithreacht shuntasach sin ann toisc go ndéanann údaráis phóilíneachta ionadaíocht thar ceann na líne tosaigh sa chomhrac in aghaidh ghóchumadh an euro, agus áirítear ar fhoireann na bpóilíní imscrúdaitheoirí agus teicneoirí araon. 50 % den iomlán a bhí i gcatagóirí eile rannpháirtithe, agus ba shaineolaithe ó na bainc cheannais náisiúnta iad 28 %, agus mar sin ba iad an dara grúpa is mó rannpháirtithe. Mar a tharla in 2022, díríodh roinnt gníomhaíochtaí in 2023 ar rannpháirtíocht na mbanc ceannais. Bhí rannpháirtíocht ann freisin ó chomhaltaí na mbreithiúna (6 %), mar aon le hInstitiúidí Eorpacha (4 %), miontaí (2 %) agus custaim (<2 %), rud a léiríonn raon iomlán chúlraí gairmiúla na rannpháirtithe. Ar deireadh, ba é an toradh a bhí ar chur chun feidhme ghníomhaíocht an Choimisiúin dar teideal 'An Cúigiú Cruinniú d'Ardán 1210' ard-rannpháirtíocht na n-ionadaithe ar thionscal na meaisíní próiseála monaí (CPM) (2 %) den cúigiú bliain, rud a leanann den earnáil phríobháideach a dhearbhú mar pháirtí leasmhar mór sa chomhrac in aghaidh an ghóchumtha. Mar thoradh air sin, comhlíonann cur chun feidhme an Chláir gnéithe trasnáisiúnta agus ildisciplíneacha an Chláir a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/840 agus tá an-éagsúlacht ag baint leis.

[9] Baineann na sonraí uile leis an dá ghníomhaíocht a mhaoinítear faoin gclár 'Pericles IV' chomh maith le gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin gclár Pericles 2020.

Buaicphointí an chur chun feidhme in 2023

D'éirigh leis an gClár comhoibriú réigiúnach a choinneáil agus a neartú a thuilleadh in Oirdheisceart na hEorpa agus i Meiriceá Laidineach in 2023:

- In 2023 cuireadh roinnt gníomhaíochtaí Pericles chun feidhme agus díríodh ar chomhar láidir a spreagadh agus a choinneáil i measc na n-údarás inniúil náisiúnta in Oirdheisceart na hEorpa. Áiríodh leis sin dhá ghníomhaíocht (malartuithe foirne) a d'eagraigh Comando Carabinieri Antifalsificazione Monetaria (CCAFM) na hIodáile, comhdhálacha a d'eagraigh Guardia di Finanza (GDF) agus póilíní na Rómáine (GIRP), chomh maith leis an gCúigiú Comhdháil de chuid Líonra na mBalcán um Chosaint an Euro, a d'eagraigh Banc Náisiúnta na Cróite, a bhfuil sé de chuspóir aici comhar níos dlúithe a spreagadh i measc thíortha oirdheisceart na hEorpa. Thairis sin, leis an ngníomhaíocht ón gCoimisiún 'Oiliúint maidir leis an euro a chosaint ar ghóchumadh.' i gCísineá (an Mholdóiv), tugadh le chéile rannpháirtithe ó na príomhúdaráis inniúla a bhfuil baint acu le cosaint airgeadraí (lena n-áirítear an euro) ar ghóchumadh. sa Mholdóiv: Póilíní/An Aireacht Gnóthaí Baile, Banc Náisiúnta, na Breithiúna agus Custaim.
- D'eagraigh Brigada de Investigación del Banco de España (BIBE) na Spáinne an cúrsa oiliúna maidir le góchumadh airgeadra le haghaidh saineolaithe ó thíortha i Meiriceá Laidineach, lenar tugadh le chéile údaráis 15 thír i Meiriceá Laidineach in Bogotá na Colóime. Leis an ngníomhaíocht, cuireadh bearta chun cinn chun an euro a chosaint ar ghóchumadh i dtíortha i Meiriceá Laidineach a d'fhéadfadh a bheith soghabhálach i leith an ghóchumtha. Thacaigh an ghníomhaíocht sin freisin le bunú agus feidhmiú na bPríomhoifigí Náisiúnta (NCO) um ghóchumadh airgeadra sna tíortha rannpháirteacha. Ar bhonn na hoiliúna roimhe seo ar an bhformáid chéanna, bhunaigh an Airgintín NCO den sórt sin.

Bhí gníomhaíochtaí i gceist freisin le cur chun feidhme an chláir in 2023 inar díríodh ar fhorbairtí tráthúla sa chomhrac in aghaidh góchumadh airgeadra:

- Ba thosaíocht ar tugadh aghaidh uirthi trí ghníomhaíochtaí éagsúla an comhrac in aghaidh aicmí ardchaighdeáin de nótaí agus monaí góchumtha, cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 agus monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil. I measc na ngníomhaíochtaí lena n-áirítear an díriú sin ar chomhar láidir, bhí 'an ghníomhaíocht oiliúna maidir le hanailís ar mhonaí góchumtha le haghaidh saineolaithe teicniúla' a d'eagraigh Banco de España, chomh maith leis an gCúigiú Cruinniú d'Ardán 1210 a eagraíodh mar ghníomhaíocht de chuid an Choimisiúin, rud lenar tugadh páirtithe leasmhara ón tionscal Meaisíní Próiseála Monaí agus ó na Lárionaid Náisiúnta um Anailísiú Monaí le chéile. In 2023 tugadh an staidéar 'Nanoguard 3, forbairt agus tionsclú monaí ardslándála' chun críche freisin. Is céim eile i dtreo gnéithe slándála monaí euro a threisiú é an staidéar sin, ina bhfuil miontaí ón Ostair, ón bhFrainc agus ón nGearmáin, agus arbh é Monnaie de Paris a phríomhthionscnóir.

- Le roinnt gníomhaíochtaí, tugadh aghaidh ar bhagairt an idirlín/an idirlín dhorcha i réimse ghóchumadh an euro, lena n-áirítear infhaighteacht nótaí bainc dearaidh athraithe. Bhí dáileadh monaí góchumtha ar an idirlíon dorcha/idirlíon ar cheann na príomhphointí fócasacha ar díríodh orthu sna malartuithe foirne agus san oiliúint theicniúil amhail 'malartú foirne maidir le teicnící imscrúdaithe in aghaidh góchumadh airgeadra (SEITACC-2) ' de chuid CCAFM na hIodáile agus 'cúrsa oiliúna maidir le góchumadh airgeadra le haghaidh saineolaithe ó thíortha i Meiriceá Laidineach 2023' de chuid BIBE na Spáinne.
  Bhí sé de chuspóir ginearálta ag an 'staidéar ar airgead scannáin, táirgí cóipe prapa agus nótaí bainc dearaidh athraithe eile' a soláthraíodh torthaí na n-anailísí a rinne an Coimisiún Eorpach, BCE agus Europol go dtí seo a chomhlánú agus a fhorbairt a thuilleadh. Rinne sé táirgeadh, dáileadh agus cur i gcúrsaíocht airgid scannáin, airgid cóipe prapa agus nótaí dearaidh athraithe eile a mhapáil amach go hiomlán, i gcomhthéacs an Aontais agus i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Agus an méid sin á dhéanamh, rinneadh anailís sa staidéar ar an gcur chuige Eorpach, ar an gcur chuige náisiúnta sna Ballstáit agus ar an gcur chuige um fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcur chuige breithiúnach i dtríú tíortha i leith an fheiniméin sin. Rinneadh sin chun cur chuige comhchoiteann a spreagadh ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic leis an mbagairt sin.

4. Faireachán ar na táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla

Sonraítear in Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2021/840 gur cheart a chur san áireamh sa tuarascáil seo táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla an chláir 'Pericles IV'. Is mar a leanas atá na sonraí bliantúla ar na táscairí seo:

1. **An líon euro góchumtha a braitheadh (nótaí bainc: 476 000 in 2023 / monaí: 414 406 in 2023):** Is é an sprioc don táscaire seo an líon nótaí bainc agus monaí euro góchumtha a bhraitear a choinneáil faoi smacht laistigh den raon +/- 5 % i gcomparáid leis an meán le linn 2014-2020 (671 000/174 112). Maidir leis an sprioc, tá an líon nótaí bainc góchumtha níos ísle ná í agus tá an líon monaí níos airde ná í. Ba cheart a thabhairt ar aird, áfach, nach bhfuil ach nasc indíreach idir an clár agus na táscairí sin, toisc go bhfuil ról tábhachtach ag tosca seachtracha éagsúla ar fhorbairt na dtáscairí. Áirítear ar na tosca seachtracha sin dul chun cinn imscrúduithe póilíneachta agus méid an táirgthe ghóchumtha.
2. **An líon ceardlann neamhdhleathach ar cuireadh deireadh leo (9 in 2023):** Is é an sprioc maidir leis an líon ceardlann neamhdhleathach ar cuireadh deireadh leo an líon a choinneáil faoi smacht in +/- 10 % ar an meán i gcomparáid le 2019 (22). Tá an líon ceardlann neamhdhleathach ar cuireadh deireadh leo in 2023 níos ísle ná an sprioc. Mar a mhínítear faoi tháscaire 1, níl ach nasc indíreach idir an clár agus an táscaire sin, toisc go bhfuil ról tábhachtach ag tosca seachtracha éagsúla ar fhorbairt na dtáscairí.
3. **An líon údarás inniúil uathúil a bhfuil feidhm acu maidir leis an gClár (8 in 2023):** Tá sé d'aidhm ag an táscaire seo suim na n-údarás inniúil náisiúnta sa chlár a thomhas. Is é 12 an sprioc le haghaidh 2024 agus is é 24 an sprioc le haghaidh 2027.

An líon iarratasóirí uathúla a bhain beagnach 70 % den gharsprioc amach sa tríú bliain den chur chun feidhme le haghaidh 2024, tá sé ag teacht leis na hionchais.

4. **Ráta sástachta na rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an gclár (98,97 % in 2023):** Leis an táscaire seo, déantar tomhas ar cháilíocht na hoiliúna dar leis na rannpháirtithe. Is é 75 % an sprioc. Tá an ráta d'aiseolas dearfach i bhfad níos airde ná an sprioc.
5. **Aiseolas ó rannpháirtithe a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí Pericles roimhe seo ar thionchar an Chláir ar a gcuid gníomhaíochtaí chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (98.31 % in 2023):** Leis an táscaire seo, déantar tomhas ar inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí an chláir. Is é 75 % an sprioc. Tá an céatadán d'aiseolas dearfach i bhfad níos airde ná an sprioc.

5. Conclúidí agus an bealach chun cinn

Leanann an clár 'Pericles IV', cosúil lena réamhtheachtaí, de bheith ina uirlis thábhachtach agus éifeachtúil sa chomhrac in aghaidh an ghóchumtha. Tá an Clár mar bhonn chun tacú le staidéir, chun comhar a choinneáil agus a fhorbairt, agus chun dea-chleachtais a mhalartú i measc na ngníomhaithe uile atá páirteach sa chomhrac in aghaidh ghóchumadh an euro. Tacaítear leis sin freisin toisc gur gealladh 99.88 % den bhuiséad iomlán in 2023, rud a léiríonn spéis na mBallstát sa chlár.

Déanann an Coimisiún torthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin gClár a scaipeadh go tráthrialta ar shaineolaithe Ghrúpa Saineolaithe um Ghóchumadh an Euro (ECEG). In 2023, tionóladh trí chruinniú de chuid ECEG. Léirítear leis an gClár ardleibhéal comhsheasmhachta agus comhlántachta le cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais toisc go bhfuil sé tiomanta go heisiach don euro a chosaint ar ghóchumadh trí chineál sonrach coireachta eagraithe a chosc agus a chomhrac, is é sin góchumadh an euro. Is cosúil go bhfuil an chomhlántacht sin soiléir maidir le hionstraim um ***Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX)*** de chuid Ard-Stiúrthóireacht NEAR, ionstraim is minic a úsáidtear chun tacú le hidirbheartaíocht aontachais, agus le Ciste Slándála Inmheánaí AS HOME - Póilíní[10], a chumhdaíonn coireacht a chosc agus a chomhrac go ginearálta. Tar éis brionnú airgid a chuimsiú mar cheann de na tosaíochtaí i bPlean Gníomhaíochta Oibríochtúil EMPACT[11], tá an Coimisiún ag comhordú go dlúth le spreagthach EMPACT chun an chomhlántacht idir an dá fhoinse maoinithe a uasmhéadú.

Ar bhonn thorthaí chur chun feidhme an Chláir agus ar an anailís leanúnach ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn a pléadh in ECEG, is iad seo a leanas na tosaíochtaí do 2024[12]:

- Tacú le gníomhaíochtaí a dhírítear ar chomhar a fheabhsú i measc na mBallstát sin a dtéann táirgeadh agus dáileadh nótaí agus monaí góchumtha i gcion go mór orthu;

[10] Rialachán (AE) Uimh. 513/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac agus do bhainistíocht géarchéime agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/125/CGB ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 93).

[11] Is tionscnamh slándála é EMPACT (an tArdán Ildisciplíneach Eorpach i gCoinne Bagairtí Coiriúla) atá á chur ar aghaidh ag Ballstáit AE chun bagairtí a bhaineann le coireacht eagraithe agus thromchúiseach idirnáisiúnta a aithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. In 2021, rinneadh ionstraim bhuan de EMPACT, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint bhuan de Thimthriall Beartais AE don choireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach. Is í an Bhulgáir an Ballstát a chuireann chun cinn tosaíocht EMPACT a chumhdaíonn 'Coireacht Maoine Intleachtúla, Góchumadh Earraí agus Airgeadra'.

[12] Is cuid riachtanach den Chlár Oibre Bliantúil iad tosaíochtaí an Chláir do 2024, atá i gceangal leis an gCINNEADH ÓN gCOIMISIÚN an 30.1.2024 maidir le maoiniú an chláir 'Pericles IV' agus maidir le glacadh an chláir oibre bhliantúil do 2024, C(2024) 474 final.

- Comhar a chothú le húdaráis na dtríú tíortha a bhfuil amhras nó fianaise ann go dtáirgtear euro góchumtha iontu;
- Creat éifeachtach a choinneáil ar bun chun an euro a chosaint in Oirdheisceart na hEorpa;
- Forbairtí tráthúla:
    - Nótaí agus monaí góchumtha agus comhpháirteanna ardchaighdeáin a dháileadh ar an idirlíon dorcha, agus táirgí ‘airgid scannáin’ agus ‘cóipe prapa’ ar líne (lena n-áirítear nótaí dearaidh athraithe);
    - Tacaíocht do bhunú/athneartú Oifigí Náisiúnta Comhordúcháin;
    - Monaí euro: An comhrac in aghaidh aicmí ardchaighdeáin de nótaí agus monaí góchumtha, cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 agus monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil.